



An Bhruiséil, 13 Samhain 2017
(OR. en)

14191/17

CFSP/PESC 997	CSDP/PSDC 623
COPS 352	CYBER 175
CIVCOM 219	DEVGEN 250
CLIMA 301	ENER 434
COAFR 297	ENV 914
COEST 303	FIN 712
COHAF 88	MIGR 216
COHOM 128	POLMIL 138
COMED 7	PROCIV 97
CONUN 256	RELEX 966
COTER 133	

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	13 Samhain 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14173/17
Ábhar:	Cur Chuige Straitéiseach don Athléimneacht i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais - Conclúidí ón gComhairle (13 Samhain 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcur chuige straitéiseach don athléimneacht i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an 3574ú cruinniú a bhí aici, ar an 13 Samhain 2017.

CUR CHUIGE STRAITÉISEACH DON ATHLÉIMNEACHT I
nGNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS EORPAIGH
CONCLUÍDÍ ÓN gCOMHAIRLE

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an cur chuige straitéiseach don athléimneacht i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún¹. Iarrann sí ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dul ar aghaidh leis an obair ar bhonn mholtaí na Comhairle agus ar bhonn na ndeich dtreoirphointe marana dá cuid, agus an obair sin a chomhtháthú sna réimsí oibre ábhartha go léir. Beidh an obair sin ina mór-chrann taca ag cur chun feidhme na Straitéise domhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh.
2. Tá geallta ag an Aontas go gcloífidh sé le tacar de spriocanna bunathraitheacha a bhaineann leis an bhforbairt, leis an gcomhshaol, leis an athrú aeráide, le cúrsaí daonnúla, le cearta an duine, lena bheartas eachtrach agus slándála. Is é is aidhm do chur chuige straitéiseach an Aontais i leith na hathléimneachta an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a dhaingniú agus a bhuanú, i bhfianaise go bhfuil an domhan níos nasctha agus níos casta, agus gur mó den aighneas atá le fáil anois ann, agus i bhfianaise an róil a bhíonn ag gníomhaíocht sheachtrach an Aontais rannchuidiú leis an athléimneacht laistigh den Aontas, ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin. Agus an méid sin ar siúl ag an Aontas, gona chomhpháirtithe, tá sé d'aidhm aige:
 - an ullmhacht agus an cumas oiriúnaitheachta a bhíonn ag stáit, ag sochaithe, ag pobail, agus ag daoine aonair a neartú i dtaca le strus agus suaitheadh, idir pholaitiúil, struchtúrach agus shocheacnamaíoch, nó i ndáil leis an gcomhshaol nó an aeráid, idir dhéimeagrafach, agus shoचाíoch nó i réimse na slándála;
 - tacú le cumas na dtíortha comhpháirtíochta agus na sochaí sibhialta – in ainneoin brúnna suntasacha inmheánacha nó seachtracha – na croífheidhmeanna poiblí a chur ar bun, a choinneáil ar bun nó a athbhunú agus meas iomlán á thabhairt don daonlathas, don smacht reachta, do chearta an duine agus do na saoirsí bunúsacha, agus an comhtháthú sóisialta agus polaitiúil mar aon leis an tslándáil fhadtéarmach chuimsitheach, an chobhsaíocht, agus an fhorbairt inbhuanaithe á gcothú ag an am céanna;

¹ Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: A Strategic Approach to Resilience in the EU's external action [Cur Chuige Straitéiseach don Athléimneacht i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais]. JOIN(2017) 21 final, 7.6.2017

- tógáil ar an acmhainn atá cheana féin ag sochaithe, ag pobail, agus ag daoine aonair deiseanna agus rioscaí a bhainistiú ar bhealach síochánta cobhsaí, agus slí bheatha na ndaoine atá i gceist a choinneáil ar bun nó a athbhunú in ainneoin síorstruis agus síorshuaite.
3. Faoi gcur chuige straitéiseach atá aige i leith na hathléimneachta, déanfaidh an tAontas cur chuige polaitiúil, struchtúrach, fadtéarmach, agus comhthéacs-sonrach níos uailmhianaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí agus na rioscaí foluiteacha a bhaineann le timpeallacht sheachtrach an Aontais, agus ar na fachtóirí agus dinimicí a bhaineann leis an leochaileacht. Cothóidh an tAontas gona Bhallstáit cur chuige dinimiciúil iltoiseach i dtaca leis an athléimneacht i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh faoi gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, agus aithneofar ag an am céanna gur faoi gach tír go príomha an athléimneacht a chomhtháthú í féin ina cuid beartas náisiúnta agus áitiúil. Leagfaidh an tAontas béim níos mó ar an ullmhacht agus ar an gcosc, agus ar theacht roimh gach strus agus suaitheadh – lena n-áirítear sainathint na leochaileachtaí sonracha sin a bhaineann le grúpaí áirithe sa tsochaí. Tabharfaidh sé aghaidh ar na bunchúiseanna a bhíonn le sreafaí imirce, leis an imirce neamhrialta, agus leis an easáitiú éigeantach, agus forbróidh sé, ag an am céanna, sásraí níos fearr chun measúnú a dhéanamh ar shreafaí a tharlóidh amach anseo agus ar a dtionchar ar na tíortha idirthursais agus tionscnaimh. Cuirfear níos mó den tsolúbthacht isteach i gclár an Aontais ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach; beidh ar na clár sin cur le fachtóirí athléimneachta áitiúla agus iad a shainaithint agus a neartú ar bhealach níos fearr, agus beidh orthu a bheith gníomhach ar leibhéal an phobail. Beidh an cur chuige sin ina scáthán ar an tiomantas gan aon duine a fhágáil ar lár – a léirítear i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – agus ar an tiomantas institiúidí éifeachtacha cuimsitheacha cuntasacha a chur ar bun ar gach leibhéal. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith ina léiriú iomlán ar ghné na hinscne, agus cearta agus rannpháirtíocht ban agus ógbhan a dhaingniú.
 4. Leagfaidh an tAontas Eorpach níos mó den bhéim ar aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a thagann ó ghéarchéimeanna strambánacha, agus ar dheireadh a chur le fáinne fí na géarchéime, agus léireoidh sé meas, ag an am céanna, ar chearta an duine, ar an smacht reachta, agus ar an dlí idirnáisiúnta. Chuige sin, oibreoidh an Chomhairle leis an Ardionadaí agus leis an gCoimisiún chun a áirithiú go ndéanfar slógadh níos éifeachtaí ar chumas polaitiúil, taidhleoireachta, agus idirghabhála an Aontais gona Bhallstát - lena n-áirítear a gcumas coiscthe coinbhleachta agus déanta síochána – mar aon le cúnamh forbartha agus daonnúil, agus urraim á tabhairt don sainordú ar leith agus do na prionsabail a ghabhann leis an ngníomhaíocht dhaonnúil.

5. Bíonn ról díreach ag beartas seachtrach an Aontais, faoina iomad gné, i dtaca le cur leis an athléimneacht laistigh de theorainneacha an Aontais, go háirithe trí fheabhas a chur ar bhrath agus ar fhreagairt an Aontais tráth a dtarlaíonn géarchéim sheachtrach a fhágann a lorg ar leasanna an Aontais agus ar shlándáil na saoránach. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún naisc a shainaithint idir beartas seachtrach an Aontais, lena n-áirítear an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC), agus an Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil, agus na naisc sin a neartú ar mhaithe le leasanna agus luachanna an Aontais a chosaint. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas Eorpach dá shaothar i gcoinne bagairtí hibrídeacha, agus dá shaothar ar son na cumarsáide straitéisí agus na cibearshlándála, dá shaothar chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, agus dá shaothar chun slándáil an bhonneagair chriticiúil a fheabhsú. Tá tábhacht ar leith ag baint le neartú na hathléimneachta i measc chomhpháirtithe an Aontais i gcomharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme an athbhreithnithe ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa, lena n-áirítear a ghné shlándála. Ina theannta sin, meabhraíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil, lena n-áirítear go bhféadfaí, in am trátha, ionstraim thiomnaithe a chur ar fáil chuige sin a mbeadh raon geografach solúbtha aici, chun tacú leis an athchóiriú agus leis an bhfothú acmhainní in earnáil na slándála i dtíortha comhpháirtíochta, mar a leagtar síos sna conclúidí uathí dar dáta 18 Bealtaine 2017 maidir le slándáil agus cosaint i gcomhthéacs straitéis dhomhanda an Aontais. Tabharfar urraim do neamhspleáchas phróiseas cinnteoireachta an Aontais, agus neartóidh an tAontas an comhar, maidir leis an athléimneacht, le córas na Náisiún Aontaithe agus le ECAT, leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus le heagraíochtaí réigiúnacha ábhartha eile, go háirithe san Afraic.
6. Meabhraíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an mbuanseasmhacht san obair leantach atá ar siúl i dtaca leis na naisc idir an chabhair dhaonnúil agus an fhorbairt a oibríochtú; ba cheart an obair sin a chur sa siúl i gcomhréir leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle i mí na Bealtaine, agus tús a chur léi i roinnt tíortha píolótacha. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá ar siúl faoi láthair ar an gcur chuige comhtháite maidir le coibhleachtaí agus géarchéimeanna foréigneacha, obair a mbeidh gné láidir athléimneach aici, agus arb é is aidhm di treisiú le hiarrachtaí an Aontais an choinbhleacht a chosc agus a réiteach agus an tsíocháin inbhuanaithe a chothú.
7. D'fhonn an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhéadú, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún, agus ar na Ballstáit, freagracht a ghlacadh as an obair a bhaineann leis na ceithre bhloc tógála seo a leanas, mar atá leagtha amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach:

- **an anailís chomhroinnte riosca a fheabhsú ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach**, ionas gur fearrde an bun a bheidh le cúrsaí straitéise, leis an idirphlé polaitiúil, le clársceidealú na tacaíochta forbartha, agus le seachadadh an chúnaimh dhaonnúil. Ba cheart sruthlíniú an phróisis measúnaithe reatha a bheith ina chuid de sin, agus é d'aidhm leis measúnú achomair amháin a chruthú do gach tír ina gcomhtháthaítear, ar shlí níos córasaí agus níos dinimiciúla, faisnéis ó líonra taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh, ó na Ballstáit, ó mhisin agus oibríochtaí CBSC, ó na gníomhaireachtaí speisialaithe, ó sheirbhísí eile agus, i gcás inarb iomchuí, ó ghníomhaithe daonnúla agus forbartha, agus aird chuí á tabhairt ar an sainordú atá ag gach ceann díobh sin;
 - **faireachán níos dinimiciúla a dhéanamh ar bhrúnna seachtracha** a d'fhéadfadh an tslándáil nó an próiseas forbartha i gceann de na tíortha comhpháirtíochta a chur de dhroim seoil go mór, nó a d'fhéadfadh iarmhairt nár bheag a fhágáil ar athléimneacht an Aontais. Is ceart an méid sin a dhéanamh ar shlí a áiríteoidh go ndéanfar luathbheart coisctheach tráth a dtabharfar luathrabhadh, agus go mbeidh freagairt pholaitiúil agus oibríochtúil níos éifeachtaí ag an Aontas. I dtaca leis an méid sin, ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phleananna i gcomhair córas lena bhféadfaí a bhfuil i ndán go ceann tréimhse idir trí agus sé mhí a bhreathnú roimh ré. Ba cheart tuilleadh oibre a dhéanamh ar Chóras Réamhrabhaidh Coinbhleachta an Aontais Eorpaigh d'fhonn táscairí iomchuí athléimneachta a chomhtháthú ann;
 - **an cur chuige reatha athléimneachta a chomhtháthú i gclársceidealú reatha an Aontais** de réir mar is féidir agus mar is iomchuí faoi chuimsiú na n-ionstraimí atá ann cheana, agus a chomhtháthú **sa mhachnamh atá ar siúl faoin maoiniú ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais feasta**;
 - **forbairt a dhéanamh ar bheartas agus cleachtas idirnáisiúnta maidir leis an athléimneacht**, trí bhíthin an idirphlé pholaitiúil, an idirphlé beartais earnála agus an bheartais infheistíochta seachtraí, agus trí dhul i dteagmháil leis an tsochaí shibhialta agus le gníomhaithe forbartha eile ar gach leibhéal. Ba cheart forbairt a dhéanamh ar chomhar níos dlúithe agus comhroinnt an dea-chleachtais leis na comhpháirtithe iltaobhacha, lena n-áirítear córas na Náisiún Aontaithe, an Banc Domhanda, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, agus le heagraíochtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha.
8. Déanfaidh an Chomhairle faireachán agus measúnú ar an dul chun cinn i ndáil leis na heilimintí éagsúla atá sna conclúidí seo, agus fillfidh sí ar an gceist de réir mar is iomchuí.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Deich dtreoirphointe le cur san áireamh le haghaidh cur chuige straitéiseach don athléimneacht

Is féidir na treoirphointí seo a leanas a shainaithint maidir le cur chuige don athléimneacht:

1. **Ní sprioc deiridh é an athléimneacht a neartú ach sprioc leanúnach.** Le cur chuige straitéiseach an Aontais don athléimneacht féachtar le cur le láidreachtaí bunúsacha na n-institiúidí agus na sochaithe sna tíortha comhpháirtíochta d'fhonn spriocanna fadtéarmacha forbartha nó slándála inbhuanaithe a bhaint amach. Déanfar dul chun cinn a áirithiú i dtreo na spriocanna trí aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus rioscaí bunúsacha struchtúracha. Aithnítear nach próiseas líneach é, i gcónaí, an próiseas i dtreo an daonlathais, na síochána agus na slándála, agus nach leor, i gcónaí, cur chuige earnálach, leis féin, chun torthaí inbhuanaithe a áirithiú.
2. **Dá dtuigfí na fachtóirí a bhaineann leis an athléimneacht i gcomhthéacs ar leith, d'fhéadfaimis plean a leagan amach le cur i gcoinne struis agus teagmhais ar bhealach níos éifeachtaí.** Chun é sin a dhéanamh, ní mór tuiscint cheart a fháil ar na naisc idir codanna éagsúla na gcóras casta lena rialaítear agus lena gcothaítear stáit, sochaithe agus pobail, agus chomh maith leis sin, ar an gcaoi a bhfreagraítear do thurraingí a thagann aniar aduaidh orthu agus do struis a bhíonn ann go minic nó go fadtéarmach.
3. **Baineann an athléimneacht le comhthéacsanna ar leith agus teastaíonn cur chuige saincheaptha uaithi.** Cé go bhfuil roinnt tréithe comhchoiteanna ag córais athléimneachta, beidh ar chleachtóirí agus ar ghníomhaithe áitiúla sainmhínte oibre a fhorbairt a bheidh sonrach do chomhthéacsanna ar leith. Is é ról an Aontais, agus ról gníomhaithe seachtracha eile, tacú leis an bpróiseas sin agus sochaithe a chothú ina mbeidh feabhas ar a gcumas a gcuid fadhbanna féin a shainaithint agus a réiteach. Chuige sin, is gá do lucht ceaptha beartas agus do chomhpháirtithe forbraíochta cur chuige fadtéarmach a ghlacadh a mbeidh fairsinge ann don tsolúbthacht atá riachtanach agus an cur chuige sin á thástáil agus á bheachtú.

4. **Tá sé lán chomh tábhachtach cur le foinsí athléimneachta atá ann cheana agus atá sé leochaileachtaí a rianú agus a fhreagairt.** Ar na foinsí sin beidh córais mhaithe dhaonlathacha rialachais nó ceartais (bíodh na córais sin institiúidithe nó neamhfhoirmiúil), institiúidí agus eagraíochtaí neamhstáit, noirm agus cleachtais chultúrtha leabaithe nó réitigh ad hoc a chuireann an pobal chun tosaigh agus lena gcomhlánaítear cumais an stáit nó lena dtugtar cúiteamh ar a n-easnamh sin. **Ní mór aghaidh a thabhairt ar an athléimneacht ar leibhéil éagsúla — leibhéal an stáit, na sochaí, agus an phobail.** Is minic gur le cuidiú ó na rialtais áitiúla agus an tsochaí shibhialta a bhféadann an athléimneacht fréamhú agus fás ar leibhéal an phobail. Bíonn ról sonrach ríthábhachtach ag na mná, ról a chaithfear a aithint agus gníomhú dá réir, agus aghaidh á tabhairt, ag an am céanna, ar chúiseanna struchtúracha an neamhionannais inscne.
5. **Leis an athléimneacht, ní caomhnú an status quo atá i gceist ach a chlaochlú.** Ní hamháin go gcothaítear croí-chéannacht agus cumais na stát, na sochaithe agus na bpobal leis an athléimneacht agus brúnna suaiteacha os a gcomhair, ach áirithítear léi a gcumas oiriúnaithe agus athchóirithe chun freastal ar riachtanais nua. Tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as gné chlaochlaitheach na hathléimneachta.
6. **Is gá cur chuige polaitiúil a bheith ann i leith na hathléimneachta.** Luíonn an phríomhfhreagracht maidir le freastal ar riachtanais a bpobal leis na rialtais, agus níor cheart dóibh a bheith ag brath ar chabhair idirnáisiúnta in ionad a bheith freagrach agus a bheith ag gníomhú go polaitiúil ar bhonn áitiúil. Thug gach tír gealltanas maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, ina ndéantar tagairtí ar leith do neartú na hathléimneachta. Dá bhrí sin, tá sé de phríomhfhreagracht ar gach tír inti féin an athléimneacht a chomhtháthú sna creataí beartais náisiúnta agus áitiúla. Mar sin féin, is féidir leis an Aontas gona Bhallstáit tacú le hathléimneacht a neartú trí aird a tharraingt ar an tsaincheist mar dhlúthchuid den idirphlé polaitiúil a dhéantar, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde.
7. **Clársceidealú lena mbítear eolach ar na rioscaí a theastaíonn le haghaidh athléimneachta.** Ba cheart gníomhaíocht a dhéanamh chun dul i ngleic le cúiseanna foluiteacha na leochaileachta ag an am céanna le bearta bainistithe riosca a dhéanamh chun pobail a chosaint ar thurraingí agus struis, chun a dtionchar sin a laghdú trí fhreagairt luath agus chun cuidiú le hathshlánú tapa.

8. Ní fhéadfar i gcónaí aghaidh a thabhairt ar bhrúnna leanúnacha ag an bpointe ina dtionscnaítear iad, ná éalú, ach oiread, ó iarmhairtí géarchéime nach rabhthas ag súil leis. Ach is díréirí ar fad na costais a bhaineann le fanacht le dul i ngleic le fadhbanna go dtí go dtarlaíonn an teip. Ar an ábhar sin, is gá **solúbthacht agus inoiriúnaitheacht i leith an athraithe a fhorbairt i bpleanáil chláir ón tús**. Is gá, fosta, breathnú ar na struis féideartha a chuirtear ar chuid amháin de chóras nuair a dhéantar aon chuid eile dó a neartú nó a lagú.
9. **Is gá an luathrabhadh agus an luathghníomhú a cheangal le chéile**. Ós rud é nach bhféadfar gach riosca a sheachaint, caithfidh lucht déanta cinntí a bheith in ann brúnna a aimsiú agus a mheas sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma, agus luathghníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh ina leith, má táthar chun chur chuige éifeachtach athléimneachta a bhunú. Dá bhrí sin, má táthar chun measúnú iomlán a dhéanamh, caithfear é a cheangal le próisis iomchuí chinnteoireachta. Ní bhaineann sé seo le turraingí amháin (amhail tubaiste nádúrtha, coinbhleacht idir-stáit nó géarchéim eacnamaíoch), ach le géarchéimeanna a thagann chun cinn de réir a chéile, brúnna leanúnacha, nó brúnna carnacha lena bhféadfaí an lasóg a chur sa bharrach (struis dhéimeagrafacha, díghrádú comhshaoil, athrú aeráide, struis imirce agus struis ainsealacha eile).
10. **Mar thúsphointe oibríochtúil caithfear anailís níos leithne a dhéanamh ar láidreachtaí, laigí agus brúnna**. Tá stáit agus sochaithe bunaithe ar impleáchais chasta idir gníomhaithe polaitiúla agus slándála, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta, pobail agus daoine aonair. Le cur chuige traidisiúnta earnálach, d'fhéadfadh sé nach n-aithneofaí na leochaileachtaí uile agus na hidirnáisc a bhaineann leo, ná nach dtuarfaí freagairt an chórais ina iomláine agus é faoi bhrú, lena n-áirítear iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na Ballstáit eile. Ciallaíonn sé sin gur gá anailís a dhéanamh ar leibhéil éagsúla ar an riosca agus ar an gcumas dul i ngleic leis an riosca sin, go háirithe ag na pointí ag a mbeidh fachtóir amháin athléimneachta, nó tacar amháin gníomhaithe ag brath ar athléimneacht gníomhaithe eile, nó a mbeidh ról tábhachtach ag caidrimh chumhachta idir leibhéil éagsúla na sochaí. Go hiondúil, is cur chuige "uile-ghuaiseach" a bheidh ag teastáil, lena gceanglófar anailís ar an leibhéal réigiúnach, ar leibhéal an stáit, ar leibhéal na heagraíochta, ar leibhéal an phobail agus ar an leibhéal aonair.